Cruinniú 23: Oifigí Tusla, Southgate, Droichead Átha

Dé hAoine an 15ú Nollaig 2023

Reáchtáladh imeacht líonraithe agus comhroinnte faisnéise idirghníomhaireachta, a thionóil an foghrúpa Póilíneachta agus Drugaí de Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha mar fhreagra ar ghníomh 2.8 de Phlean Forfheidhmithe Thuarascáil Dhroichead Átha agus a bhain le freagraí ildisciplíneacha ar tharluithe lasmuigh d'uaireanta oibre, ar an 21ú Samhain agus d'fhreastail breis agus 40 duine ó raon seirbhísí reachtúla agus pobail. Tá tuarascáil á táirgeadh agus tá gníomhaíocht leantach beartaithe.

Leathnaíodh ábhair a bhaineann leis an bhfeachtas Féach Rud Éigin Abair Rud Éigin chun cárta méid sparáin a chur san áireamh a scaipfear trí líonraí éagsúla.

Tugadh tacaíocht do BOOLM síneadh a iarraidh ar an bpost Oifigeach Óige Dhroichead Átha.

Bunaíodh Foireann Forfheidhmithe Tionscadail do Mhol Pobail Bhaile Fearainn Bhaile na Mónadh Móire agus tá na gníomhartha atá ag teastáil chun an tionscadal a thabhairt faoi phleanáil á cur chun cinn.

Rinne an Bord athbhreithniú agus faomhadh ar stádas thionscadail scéim deontas beaga Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha. Tá na cistí go léir a leithdháileadh ar an scéim seo geallta.

Thug comhaltaí an Bhoird na tagairtí dearfacha d'obair an Gharda Síochána agus an Bhoird faoi deara i Mír 5.2 (Obair ilghníomhaireachta chun sábháilteacht an phobail a chinntiú) agus 5.3 (Freagra Leanúnach). an doiciméid "*Policing Authority Assessment of Policing Performance 2023*" foilsithe le déanaí ag an Údarás Póilíneachta.

Pléadh pleananna do 2024 le sraith imeachtaí agus idirghabhálacha eile a bhí sceidealaithe le linn an chéad leath den bhliain.